

Ábhar

Mír Éisteachta

Téacs Léitheoireachta

Léirmheastóireacht

**Antain Mac Lochlainn ag caint faoi
chúrsaí léirmheastóireachta**

As Forás

**Sleachta as léirmheasanna leabhar ar
www.beo.ie**

**Le caoinchead ón údar agus ó
www.beo.ie**

Ní cursa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfáí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhoinn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Triú Leibhéal

Léirmheastóireacht

Beidh tú ag éisteacht ar ball le píosa cainte ó Antain Mac Lochlainn ina bpléann sé an chaoi is fearr, a cheapann seisean, le tabhairt faoi léirmheas ar phíosa litríochta. Ar dtús déan an réamhobair thíos.

Réamhobair

1. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Pléigí cad é an rud é **léirmheas**, dar libh. Ligigí oraibh go bhfuil sibh ag cur comhairle ar dhuine faoi conas léirmheas a scríobh – scríobhaigí cúig phointe comhairle. B’fhéidir go mbeadh na frásáí seo a leanas a luafaidh Antain ar ball úsáideach daoibh.

- cur síos meicniúil
- achoimre a thabhairt
- tuairim a léiriú
- barúil a léiriú
- breithiúnas a thabhairt
- do thuiscint fén ar an saothar

2. Pléigh:

Ní achoimre ar scéal léirmheas.

3. Féach ar na focail thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú mórán díobh? Mura dtuigeann, féach an mbeidh siad níos soiléire tar éis na chéad éisteachta. Cuir tic le gach focal ar ainmfhocal é agus X le gach focal ar aidiacht é.

an saothar, cur chuige, inmholta, an t-údar, tarcaisneach, moltach, dímholtach, diúltach, contúirteach, fiúntach, ionraic

Éisteacht

1. Anois éist leis an mír agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

- Scríobh cúpla pointe comhairle a thugann Antain. Cuir na pointí a scríobh tú i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.
- Conas a léiríonn Antain gur féidir ‘ról fiúntach’ a bheith ag léirmheastóirí?

2. Pléigh: An gcuireann aon chuid den chomhairle a thug Antain iontas ort?

Feasacht Teanga

1. Cén chanúint atá ag Antain? Cad iad na leideanna ina chuid cainte a thug an chanúint le fios?

Seo thíos focail as canúint Uladh – an féidir leat iad a cheangal leis an leagan eile den fhocal i gcanúint na Mumhan?

- | | |
|-----------------------|----------------------|
| i. barúil | a. caincín |
| ii. iontach meicniúil | b. lámh |
| iii. doiligh | c. ciallmhar |
| iv. siosmaideach | d. deacair |
| v. gaosán | e. tuairim |
| vi. mall | f. déanach |
| vii. sceadamán | g. caillte den ocras |
| viii. sciathán | h. an-mheicniúil |
| ix. ar slabhraí | i. scornach |

1	2	3	4	5	6	7	8	9

2. Réimíreanna

Is fiú úsáid a bhaint as réimíreanna chun éagsúlacht a bheith sa chur síos a dhéanann tú ar rudaí. Féach ar na réimíreanna seo a leanas – an bhfuil aon smaointe agat faoi conas iad a úsáid?

sár-, ró-, fíor-, in-, so-, do-, dea-

Féach ar na samplaí seo thíos. Cén fáth a bhfuil fleiscín sa tríú sampla?

róshimplí
rófhada
ró-aisteach

Cad a chiallaíonn na frásáí seo?

bhí an cheolchoirm rómhaith
tá mé róthuirseach

Conas a déarfá na frásáí seo i nGaeilge: *the concert was very good agus I'm really tired.*

Anois cuir an réimír ró- roimh na focail seo a leanas:

daor, saor, maith, oscailte, fuer, soiléir, leadránach, fada, gearr, olc

Bain úsáid as réimíreanna chun Gaeilge a chur ar na frásáí seo a leanas:

it was a great book, this is a great story, a great description, a great author, a great story-teller, excellent, very effective, really interesting, very attractive, credible, incredible, readable, unreadable, well-written, advisable.

Iarobair

1. Seo cuid den mhéid atá le rá ag Antain faoi léirmheas a scríobh. An bhfuil sé deacair glacadh lena chomhairle, dar leat?

Ní leor ‘is maith liom an dán seo, ní maith liom an dán seo’. Caithfidh tú a bheith in ann a léiriú cén fáth a bhfuil na tuairimí sin agat maidir leis an saothar.

2. Tá sé tábhachtach nach mbeifeá ag úsáid na leaganacha céanna arís is arís eile i do chuid scríbhneoireachta. Cad iad na slite eile ina bhféadfá na habairtí thíos a rá? Déan iad a fhorbairt chomh mór agus is féidir leat.

Is maith liom an dán
Ní maith liom an dán
Is leabhar maith é
Is scríbhneoir maith é an t-údar

3. Pléigh: An bhfuil machnamh déanta agat ar an léirmheas a dhéanfaidh tú don fhillteán foghlama? An bhfuil aon rud a d’fhoghlaim tú sa rang seo a mbeidh tionchar aige ar do chur chuige?

Forbairt

Tá cnuasach léirmheasanna leabhar ar fáil i gcartlann na hirise www.beo.ie. Má chuireann tú ‘Pól Ó Muirí’ isteach i mbosca cuardaigh na cartlainne feicfidh tú sraith léirmheasanna leabhar a thabharfaidh cúnamh duit, b’fhéidir, agus tú ag déanamh do cheann féin.

Tá léirmheasanna leabhar le fáil ag an suíomh seo chomh maith:

<http://coislife.ie/books/reviews.htm>

Seo stór focal úsáideach – an féidir leat an dá cholún a cheangal?

- | | |
|------------------------|--------------------|
| 1. fabhalscéal | a. fable |
| 2. maoithneach | b. sentimental |
| 3. mothálach | c. sensitive |
| 4. scéal eachtraíochta | d. adventure story |
| 5. beacht | e. precise |
| 6. doiléir | f. obscure |
| 7. cnuasach | g. collection |
| 8. neamhfhicsean | h. non-fiction |
| 9. beathaisnéis | i. biography |
| 10. dírbheathaisnéis | j. autobiography |
| 11. príomhcharachtar | k. main character |
| 12. éifeachtach | l. effective |
| 13. aoir | m. satire |
| 14. dea-scríofa | n. well written |

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14

Seo thíos frásáí agus abairtí a tógadh as cuid de na léirmheasanna leabhar ar www.beo.ie. An dtuigeann tú iad? Déan iarracht iad a shní isteach i do chuid scríbhneoireachta as seo amach – bíodh sé mar aidhm agat ‘is maith liom an leabhar, ní maith liom an leabhar’ a sheachaint!

Déan féin agus an duine in aice leat iarracht cur leis na frásáí i ngach bosca.

B’fhéidir go mbeadh an leabhar seo cabhrach duit agus tú ag plé le do chúrsa litríochta: *Foclóir Litríochta agus Critice, Dictionary of Literature and Criticism*, An Gúm 2007.

An t-údar	<ul style="list-style-type: none"> • tá aitheantas saothraithe aige mar údar atá... • an saothar is déanaí óna pheann... • tá ráchairt ar a chuid leabhar...
An scéal	<ul style="list-style-type: none"> • is scéal é atá suite i... • is í X an príomhcharachтар atá ann... • carnann na carachtair eile thart ar...
An cur síos	<ul style="list-style-type: none"> • cuireann an t-údar síos go beacht ar... • tugann an t-údar X chun solais... • is deacair gan aontú leis an chur síos... • tig leis an údar a bheith géar... • bhraithfeá ar an chéad amharc gur leabhar seanfhaiseanta é... • rith sé liom agus mé ag léamh... • dálta mórán scéalta... • tá mé idir dhá chomhairle faoi...
Diúltach	<ul style="list-style-type: none"> • téann an scéal chun leadráin... • d'éisigh an scéal foighid nach raibh agamsa... • dá fheabhas an cur síos ar ócáidí, is beag atá ann le duine a spreagadh... • dá fheabhas an leabhar, tá aon locht mór amháin agam air...
Dearfach	<ul style="list-style-type: none"> • eachtraí fioréifeachtacha a bhí iontu... • is é an rud is pléisiúrtha faoin leabhar seo ná... • cuireann X go mór le pléisiúr na léitheoireachta... • gluaiseann an scéal ar aghaidh go galánta... • tá an cur síos a dhéanann sé ar cheantair an-tarraingteach...
Abairtí úsáideacha	<ul style="list-style-type: none"> • titeann an saothar idir dhá stól sa deireadh – tá aoir ann, ach ní aoir é; tá rómáns ann, ach ní rómáns é; tá fearg ann, ach ní scéal feirge é... • tá teanga an leabhair beacht ina cur síos ar charachtair agus ar mhothúcháin... • tá an scéal soiléir gan a bheith róshimplí... • tá an teanga saibhir gan a bheith doiléir... • tá an cur síos a dhéanann sé ar dhaoine mothálach gan a bheith maoithneach...

Téipscrip

- Siuán: Inis dom, a Antain, is minic a bhíonn tusa ag scríobh léirmheasanna d'irisí ar nós *Comhar* agus do nuachtáin Ghaeilge cosúil le *Foinse*. Cén cineál cur chuige a bhíonn agat agus tú i mbun na hoibre sin?
- Antain: Bhuel, is dóigh liom an cur chuige atá ann le linn duit a bheith ag obair ar léirmheas d'iris is ionann é agus an cur chuige ba chóir a bheith ag mic léinn ollscoile agus, tá a fhios agat, b'fhéidir, iad i mbun aiste a scríobh ar dhán nó ar leabhar atá ar an chúrsa ollscoile. Sílim an rud atá le déanamh ná do bharúil i dtaobh an tsaothair a léiriú go hionraic agus, is dóigh liom, tá nósanna áirithe ann nach bhfuil inmholta is cuma cé acu léirmheas ar iris nó aiste ollscoile atá i gceist.
- Siuán: Cad é an cineál nósanna atá i gceist agat ansin?
- Antain: Bhuel, tá nós ag daoine cur síos iontach cineál meicniúil a dhéanamh ar leabhair go minic. Cuireann siad síos ar na rudaí a tharlaíonn ó chaibidil go caibidil. Ní léirmheas sin; sin achoimre agus tarlaíonn sé i gcás dán chomh maith, tá a fhios agat, deir an file seo sa rann seo agus deir sé rud eile sa rann seo agus arís, is achoimre é sin seachas léirmheas. Ní léiríonn sé tuairim ar bith i dtaobh an tsaothair. Agus ansin tá, b'fhéidir, nós ag daoine cur síos ar shaol an scríbhneora, rud a tharlaíonn go minic. Is cuimhin liom an scríbhneoir Connachtach Micheál Ó Conghaile, bhí sé ag caint ar léirmheas a foilsíodh ar nuachtán Gaeilge mar gheall ar leabhar a chuir seisean amach, agus dúirt sé, ní go dtí an dara paragraf deiridh den léirmheas mór fada seo a luaíodh an saothar ar chor ar bith. Caitheadh an chuid eile den léirmheas ag caint ar shaol Mhichíl agus ar an chomhlacht foilsitheoireachta a bhí aige. Agus sílim sin... Is é bun agus barr na léirmheastóireachta ná go gcaithfidh tú barúil éigin a léiriú ar an saothar. Caithfidh tú breithiúnas a thabhairt, is dóigh liom, chomh maith ach caithfidh an breithiúnas sin a bheith bunaithe ar do thuiscent féin ar an saothar. Agus caithfear, ar ndóigh, an saothar a léamh go cúramach agus is cuma cé acu atá an breithiúnas sin tarcaisneach nó moltach, caithfidh rud éigin a bheith ar a chúl. Ní leor ‘is maith liom an dán seo, ní maith liom an dán seo’. Caithfidh tú a bheith in ann a léiriú cén fáth a bhfuil na tuairimí sin agat maidir leis an saothar.
- Siuán: Inis seo dom, arbh éigean duit riamh léirmheas diúltach a scríobh?
- Antain: Bhuel, b'éigean agus ní thaitníonn sé liom léirmheasanna diúltacha a scríobh agus tá sé iontach contúirteach i saol na Gaeilge mar tá saol na Gaeilge chomh cúng sin. Is dóigh liom... Is cuimhin liom Pól Ó Muirí, dúirt sé uair amháin go bhfuil sé iontach contúirteach léirmheasanna diúltacha a scríobh nó scéal cinnte go gcasfaí an t-údar ort ag ócáid éigin Ghaelach ag lainseáil leabhair, nó ag an Oireachtas nó rud éigin mar sin. Sílim, mar a dúirt mé níos lúaithe, caithfidh tú do bharúil a thabhairt go hionraic ach, sílim, más féidir leat a chruthú go bhfuil bunús éigin leis an tuairim atá agat, bíodh sé moltach nó dímholtach, sílim go ndéanfaidh tú leas an scríbhneora. Sílim gurb iomaí scríbhneoir, b'fhéidir, a cuireadh ar bhealach a leasa mar gheall ar léirmheasanna a léirigh, b'fhéidir, baill laige i stíl an scríbhneora, a léirigh, b'fhéidir, go raibh an scríbhneoir faoi thionchar scríbhneoirí

eile, b'fhéidir, níos mó ná ba chóir dó agus sílim go bhfuil ról fiúntach ag léirmheastóirí maidir leis sin.